Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht agus Spórt

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, chun íoc as deontais agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2019, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2018, faoi na socruithe a bunaíodh le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €21.223 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***(a) Ráiteas faoi shócmhainní caipitil: luacháil talún agus foirgneamh***

Déantar talamh agus foirgnimh a luacháil ar a gcostas agus ní dhéantar iad a dhímheas.

**(*b) Dímheas***

Is é polasaí na Roinne ná sócmhainní a dhímheas ón dáta ceannaigh gan aon dímheas a sholáthar le linn na bliana diúscartha. Gearrtar dímheas ag na rátaí seo a leanas

- talamh agus foirgnimh – dímheas ar bith
- troscáin agus feistis—10%
- trealamh oifige— 20%
- mótarfheithiclí— 20%
- trealamh speisialta— 20%

**Graham Doyle**
Accounting Officer
Department of Transport, Tourism and Sport

25 March 2020

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta um sheirbhísí comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a fhorbairt. Leis an litir seo, tugtar aghaidh ar chreat an rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus áirítear inti tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh de thimpeallacht na seirbhísí comhroinnte.

Braithim ar an litir ráthaíochta seo ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte chun seirbhísí párolla agus acmhainní daonna comhroinnte a sholáthar.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá taifead déanta i ndoiciméid ar na príomhnósanna imeachta gnó go léir.
- Tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- a go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

- maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, deimhníodh go gcomhlíonann Rannán Airgeadais na Roinne caighdeán *ISO*: 9001: 2015 suas go dtí Feabhra 2023.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

In 2019, chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite d'íocaíochtaí dar luach €458,154 atá liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/02. Seo a leanas na sonraí:

- Leathnaíodh conradh amháin le luach iomlán de €332,828 maidir le hathsholáthar agus cothabháil trealaimh teileachumarsáide raidió oidhreachta níos faide ná dáta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch nua a bheith críochnaithe faoi dháta dheireadh na bliana.
- Bhain conradh amháin le luach iomlán de €95,398 le cothabháil agus forbairt leanúnach an chórais um Cheadúnú Oibreoirí Iompair de Bhóthar atá riachtanach chun reachtaíocht an AE a chomhlíonadh.
- Bhain conradh amháin le luach iomlán de €29,928 leis an nGrúpa Athbhreithnithe Creata Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta (SAR), a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'eascair as moltaí sábháilteachta ón Aonad um Imscrúdú Aerthionóiscí agus ina dhiaidh sin an Bord um Imscrúdú Taismí Mara a d'fhág go raibh gá láithreach agus éifeachtach le hobair leantach de réir fráma ama daingean. Dhréachtaigh an Grúpa plean Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta na hÉireann (*SAR*) agus táirgeadh tuarascáil deiridh i Meitheamh 2019.

Tarraingítear aird freisin ar sholáthar i mbliain roimhe maidir le feithiclí d'fhlít an Gharda Cósta. Sonraíodh le scrúdú de chuid na Roinne seo nach láidir an próiseas soláthair a bhí i gceist ina leith. Tá an Roinn sásta áfach gur bhain agus go mbaineann Garda Cósta na hÉireann úsáid iomlán fós as na feithiclí a ceannaíodh chun tacú lena oibríochtaí tarrthála ó aillte agus le gníomhaíochtaí eile cuardaigh agus tarrthála.

Cuireadh iniúchadh inmheánach i gcrích in 2020 chun leordhóthaineacht an chreata rialaithe, lena dtacaítear leis na cleachtais soláthair agus chonarthacha laistigh den Gharda Cósta, a mheasúnú. Thángthas ar roinnt nithe a bhfuil an bhainistíocht laistigh den Gharda Cósta ag tabhairt aghaidh orthu.

In 2019 rinne an Roinn anailís ar bhearnaí soláthair chun cumas, gníomhaíocht agus comhlíonadh soláthair sa Roinn a mheasúnú chun bearnaí i gcórais agus i nósanna imeachta reatha atá i bhfeidhm a shonrú agus chun moltaí a dhéanamh maidir le bealaí ar chóir aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin.

I gconchlúid na hanailíse ar na bearnaí sin, sonraíodh scóip nach beag le haghaidh cumarsáid níos fearr, le hinfhaighteacht na hoiliúna a chinntiú, le monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar chomhlíonadh rialuithe is treoirlinte, le cabhrú le rannáin luach a aimsiú, le sáruithe rialuithe agus treoirlínte soláthair a shonrú go réamhghníomhach agus aghaidh a thabhairt orthu, agus le cabhrú i gcoitinne le hoibleagáidí na Roinne i ndáil leis an gCreatbheartas Náisiúnta um Sholáthar Poiblí a chomhlíonadh.

Bhí sraith chuimsitheach moltaí san áireamh sa tuairisc, a d'fhaomh an Bord Bainistíochta go luath in 2020, agus lenar clúdaíodh:

- Oifigeach soláthair a cheapadh
- Feidhmeanna an oifigigh soláthair
- Cúrsaí maidir le rialachas corparáideach
- Comhlíonadh rialacha agus treoirlínte a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air
- Cumarsáid
- Riachtanais oiliúna
- Rialachas corparáideach ar ghníomhaireachtaí maidir le cúrsaí soláthair.

Tá tús curtha le hobair chun moltaí na tuairisce a chur i ngníomh agus tá oifigeach soláthair i bhfeidhm ó thús na bliana seo.

***Ag Feabhsú rialuithe i dtaca le híocaíochtaí deontais do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha***

caiteachas faoi Fho-Cheannteideal B3 deontais de €484 milliún chun bóithre áitiúla agus réigiúnacha a fheabhsú agus a chothabháil. Tá an Roinn freagrach as an gclár deontas ach idir 2009 agus 2013 ghlac an tÚdarás Náisiúnta Bóithre (*NRA*, anois Bonneagar Iompair Éire - *TII*) freagracht as na deontais a riaradh thar ceann na Roinne. Áiríodh ar nósanna imeachta rialaithe *TII* monatóireacht ar dhul chun cinn ar oibreacha feabhsúcháin bóithre ag innealtóirí agus cigirí an *TII*.

I 2013 thug BIÉ le fios nach raibh sé in ann tabhairt faoin obair seo a thuilleadh agus thóg an Roinn an fhreagracht uirthi féin arís as na deontais seo i 2014 ach ar mhaithe le héifeachtúlacht riaracháin, baineann sí úsáid as an Údarás, mar ghníomhaire, chun na híocaíochtaí a eisiúint do na húdaráis áitiúla. Cuireann Rannán Bóithre na Roinne seiceálacha riaracháin i gcrích i dtaca le caiteachas ach suas go dtí 2017 ní dhearnadh aon chigireachtaí tionscadail.

Tar éis an Chigireacht Innealtóireachta Bóthair a athbhunú tá clár cigireachtaí tionscadail / clár deontais faoi threoir an Phríomhchomhairleora i bhfeidhm ón gcéad chuid de 2018. Tá maoirseacht mhéadaithe déanta freisin ar an mbreithmheas ar thograí tionscadail agus ar chothabháil bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus cláir fheabhsúcháin. Leanann an Roinn ar aghaidh le bheith ag obair le húdaráis áitiúla agus leis an Oifig Bainistíochta Bóthair (seirbhís chomhroinnte na n-údarás áitiúil) d'fhonn a chinntiú go bhfuil na sonraí ar chóras bainistíochta pábhála *MapRoad* chomh cruinn agus chomh comhsheasmhach agus is féidir.

***Ag feabhsú socruithe um maoirseacht***

Ba é €2.098 billiún in 2019 iomlán an mhaoinithe a soláthraíodh do chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne.

Déanann an Roinn montóireacht a socruithe um maoirseacht ar a gníomhaireachtaí trí chreatphlean maoirseachta. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhbhreisiúcháin a tugadh isteach faoin gcreatphlean maoirseachta:

- soiléiriú ar na róil agus na dualgais sa Roinn maidir le maoirseacht ar ghníomhaireachtaí
- struchtúir thuairiscithe fhoirmeálta don Bhord Bainistíochta chun dearcadh "il-Rannach" a léiriú maidir leis an mbealach a chomhlíonann gníomhaireachtaí na Roinne a ndualgais tuairiscithe faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*. Cuireadh tuarascálacha don Bhord Bainistíochta maidir leis na gníomhaireachtaí tráchtála agus na gníomhaireachtaí neamhthráchtála i láthair i mí Iúil 2019 agus i mí Mheáin Fómhair 2019 faoi seach
- rochtain fheabhsaithe ar shaineolas airgeadais chun cabhrú le socruithe monatóireachta agus maoirseachta, arna soláthar ag comhairleoir airgeadais a bhí ar iasacht don Roinn
- scaoileadh teimpléad caighdeánach chun cuidiú leis na rannóga líne comhaontuithe um sheachadadh feidhmithe (*PDA*anna) agus comhaontuithe maoirseachta (*OS*) nó litreacha ionchais do scairshealbhóirí a fhorbairt le gníomhaireachtaí.

Táthar tar éis na fadhbanna a sainaithníodh in 2017 a réiteach le forbairt agus le cur i bhfeidhm an chreatphlean nuamaoirseachta agus tá an Bord Bainistíocha agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí araon sásta leis na bearta atá curtha i bhfeidhm anois.

***A chinntiú go ndéantar comhaltaí Bhord Chóras Iompair Éireann (CIE) a***

***athsholáthar go tráthúil***

Le linn 2018, mhol iniúchadh inmheánach na Roinne gur chóir folúntais ar Bhord CIÉ a réamh-mheas agus a phleanáil lena chinntiú nach mbíonn aon easpa acmhainní agus scileanna ann. Ag leanúint ar aghaidh ón moladh, seo rinne an Roinn cuíchóiriú agus cónascadh ar earcú comhaltaí de chuid Bhord CIÉ agus a fochuideachtaí in aon fheachtas earcaíochta amháin ar a ndearna an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bainistíocht.

Sa dara ráithe de 2019, ceapadh triúr stiúrthóirí ar Bhord Bus Átha Cliath; triúr do Bhord Bus Éireann; agus ceann amháin do Bhord Iarnród Éireann. Rinne an Rialtas trí cheapachán eile ina dhiaidh sin ar Bhord CIÉ. Tar éis na 10 gceapachán seo, níl aon fholúntais faoi láthair ar bhoird CIÉ nó ar bhoird na bhfochuideachtaí.

***Socruithe slándála faisnéise - paisteáil agus bainistíocht saolré***

Mar chuid dá iniúchadh ar shocruithe slándála teicneolaíochta faisnéise in 2019, mhol iniúchadh inmheánach gur cheart tosaíocht a thabhairt don Chlár Athnuachana Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) chun a chinntiú go dtabharfar an t-eastát TFC cothrom le dáta agus go gcothabhálfar as seo amach é. Sa chás go bhfanann córais oibriúcháin gan tacaíocht nó neamhphaisteáilte i bhfeidhm, ba cheart pleananna maolaithe gearrthéarmacha a bhunú agus a cheadú chun na rioscaí gaolmhara a íoslaghdú.

Sa cheathrú ráithe de 2019, chuir an Roinn tús le réimeas paisteála láithreach a chur i bhfeidhm roimh uasghráduithe agus sula gcuirfí tús le clár uasghrádaithe freastalaí.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d’fhormheas an t-iar-rúnaí ginearálta. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchta inmheánaigh, agus tá a pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, bunaithe ar an anailís seo, a d’fhormheas an t-iar-rúnaí ginearálta. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm an rúnaí ginearálta lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha bainistíochta a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord a suntasachta. Sa chlár rioscaí cuirtear síos mionsonraí ar na rialuithe agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as oibriú rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú trí huaire sa bhliain, agus sa ráithe eile dírítear ar chothabháil agus ar fheabhsú córais. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíochta orthu.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh

chomh maith leis an mbainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon lagú rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon lagú ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar an éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus tá an bhainisteoireacht shinsearach sa Roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann leis an rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon lagú sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2019 a raibh, nó a bhféadfaidh go mbeidh, caillteanas ábharach mar thoradh air.

**Ken Spratt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

22 Méan Fómhair 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2020

# Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar snameastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 36,767 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | | 37,767 | 34,842 | 28,142 |
| B | Iompar ar tír | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,907,981 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 4,374 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,200 | | | |
| | | | 1,914,555 | 1,905,825 | 1,691,046 |
| C | Iompar agus sábháilteacht mhuirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 103,068 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | | | 106,068 | 96,278 | 90,909 |
| D | Seirbhísí spóirt agus áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 125,362 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 5,324 | | | |
| | *Forlíontach* | 800 | | | |
| | | | 131,486 | 106,017 | 118,558 |
| E | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 168,655 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 4,668 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | 180,323 | 158,230 | 134,270 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,341,833 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 18,366 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | **2,370,199** | **2,301,192** | **2,062,925** |
| | *Asbhain* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **24,964** | **25,791** | **26,347** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,316,869 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 18,366 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | **2,345,235** | **2,275,401** | **2,036,578** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn le bheith curtha le caiteachas na bliana ina dhiaidh. Tugadh €48.611 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil Fho-cheannteidil A.3, B.2, B.5, B.8, C.3, D.3 , B.8, C.3, D.3, D.4, D.7, E.6 agus E.7 ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 69,833,781 | 23,179,599 |
| Forghéilleadh iarchurtha | (48,611,000) | (18,366,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **21,222,781** | **4,813,599** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

25 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 2,258,833 | 2,018,315 |
| Pá | | 33,756 | 30,726 |
| Neamhphá | | 8,603 | 13,884 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,301,192** | **2,062,925** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **25,791** | **26,347** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,275,401** | **2,036,578** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (4,638) | | |
| Diúscairtí airgid tirim | 118 | | |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí | (47) | | |
| Dímheas | 4,173 | (394) | 1,016 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,680) | | |
| Laghdú ar stoc | 48 | (1,632) | (1,444) |
| **Caiteachas díreach** | | **2,273,375** | **2,036,150** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 20,076 | 18,019 |
| Measchíosanna | | 4,005 | 3,757 |
| **Glanchostas cláir** | | **2,297,456** | **2,057,926** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna meastacháin a leanas i ndáil le Vóta 31 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 46 | 148 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 13,190 | 12,608 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,375 | 4,814 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 57 | 52 |
| An Lár-Chiste – Pinsin na nAirí | | 408 | 397 |
| | | **20,076** | **18,019** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 11,992 | 11,598 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 66,983 | 18,819 |
| Stoic | 2.3 | 1,052 | 1,100 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,456 | 2,410 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 754 | 764 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 72,245 | 23,093 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,934 | 2,568 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,555 | 1,386 |
| Glanmhaoiniú ón Stát-chiste atá dlite | 2.6 | 66,182 | 18,197 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 69,671 | 22,151 |
| **Glandliteanais reatha** | | 2,574 | 942 |
| **Glansócmhainní** | | **14,566** | **12,540** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.7 | **14,566** | **12,540** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Sain-trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2019 | 840 | 20,846 | 480 | 15,755 | 25,030 | 62,951 |
| Breiseanna | 740 | 1,204 | 66 | 1,099 | 1,529 | 4,638 |
| Aistriú amach | — | (8,101) | (330) | (528) | — | (8,959) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2019 | 1,580 | 13,949 | 216 | 16,326 | 26,559 | 58,630 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | — | 18,300 | 410 | 12,022 | 20,621 | 51,353 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,103 | 43 | 1,513 | 1,514 | 4,173 |
| Diúscairtí | — | (8,101) | (330) | (457) | — | (8,888) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2019 | — | 11,302 | 123 | 13,078 | 22,135 | 46,638 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **1,580** | **2,647** | **93** | **3,248** | **4,424** | **11,992** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 840 | 2,546 | 70 | 3,733 | 4,409 | 11,598 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 66,878 | 18,555 |
| Cuntais bhainc tráchtála | 105 | 264 |
| | **66,983** | **18,819** |

**An cuntas bainc mótarchánach**

Tá cuntas bainc ag an Roinn chun go bhféadfaí mótarcháin a bhailiú agus a leithdháileadh agus na fáltais a aistriú chuig an Státchiste. Ní tharchuirtear aon airgead atá dlite don vóta nó a íoctar as an Vóta tríd an gcuntas bainc seo, ach amháin muirir mhaoinithe bainc. Is é an méid a bhí á choimeád ag deireadh 2019 ná €91,343 (2018: €16,784).

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tomhaltáin TF | 80 | 84 |
| Tomhaltáin speisialaithe (Garda Cósta na hÉireann) | 972 | 1,016 |
| | **1,052** | **1,100** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí | 587 | 632 |
| Eile | 167 | 132 |
| | **754** | **764** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 550 | 478 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 279 | 232 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 137 | 87 |
| Cáin Bhreisluacha | 414 | 370 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 63 | 107 |
| Muirir um Pinsin | 55 | 49 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 33 | — |
| | 1,531 | 1,323 |
| Eile | 24 | 63 |
| | **1,555** | **1,386** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 21,223 | 4,814 |
| Géilleadh iarchurtha | 48,611 | 18,366 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,652) | (4,983) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite** | **66,182** | **18,197** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgid tirim | 66,983 | 18,819 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 754 | 764 |
| | 67,737 | 19,583 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,531) | (1,323) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (24) | (63) |
| | (1,555) | (1,386) |
| | **66,182** | **18,197** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 12,540 | 13,921 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 2,345,235 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (48,611) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (21,223) | | |
| Vóta glan | | | 2,275,401 | 2,036,578 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 20,076 | 18,019 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 4,005 | 3,757 |
| Coigeartuithe ar shócmhainní caipitil - talamh & foirgnimh | | | — | (1,809) |
| Glanchostas cláir | 1 | | (2,297,456) | (2,057,926) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **14,566** | **12,540** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais Dhomhanda**

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 178,072 | 246,111 |
| Cláir dheontais neamh-chaipitil | 128 | 114 |
| Cláir dheontais chaipitil | 168,334 | 113,664 |
| **Iomlán na gceangaltas atá in-fhorfheidhmithe le dlí** | **346,534** | **359,889** |

**Ceangaltais faoi cheannteidil sholáthair**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála | 155,000 | 212,114 |
| Aerfoirt | 15,343 | 22,571 |
| Ceadúnú feithiclí/tiomána | 4,847 | 10,298 |
| An tAonad um an Athrú Aeráide | 50 | 469 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 252 | — |
| Teicneolaíocht faisnéise | 20 | 105 |
| Iniúchadh inmheánach | 25 | — |
| Uachtaránacht *ITF* 2020 | 22 | — |
| Taighde Straitéiseach | — | 67 |
| Seirbhísí Garda Cósta | 2,513 | 487 |
| | **178,072** | **246,111** |

| **Ceangaltais deontais neamh-chaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 114 | — |
| Deontais íoctha sa bhliain | (136) | (29) |
| Ceangaltais deontais nua | 150 | 143 |
| Deontais curtha ar ceal | — | — |
| Iarmhéid deiridh | **128** | **114** |

| **Ceangaltais Deontais Chaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 113,664 | 148,621 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (54,493) | (39,976) |
| Ceangaltais deontais nua | 110,404 | 6,726 |
| Deontais curtha ar ceal | (1,241) | (1,707) |
| Iarmhéid deiridh | **168,334** | **113,664** |

**e) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pairc Uí Chaoimh | 28,500 | 1,500 | — | 30,000 | 30,000 |
| | **28,500** | **1,500** | **—** | **30,000** | **30,000** |

## 2.9 Dliteanais tagtha in aibíocht

| Amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Níl an meastachán ar dhliteanais atá tagtha in aibíocht úrscaoilte faoi dheireadh na bliana. | 532 | 188 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh a leithéid de chásanna a thuar.

Le linn 2019, d’íoc an Roinn costais deiridh socraíochta dlí de €1,195,544 a bhain le cás dlí fadtéarmach, Smith v Meade. Clúdaíonn na costais socraíochta deiridh seo costais a thabhaigh *FBD Insurance* mar gheall ar imeachtaí san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc, sa Chúirt Uachtarach agus i gCúirt Bhreithiúnais na hEorpa.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 35,891 | 33,756 | 30,726 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,377 | 1,474 | 1,346 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 2,273 | 3,196 | 9,020 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 519 | 296 | 360 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,779 | 2,182 | 1,498 |
| vi | Costais áitribh oifige | 664 | 892 | 579 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,399 | 563 | 1,081 |
| | | **44,902** | **42,359** | **44,610** |

**Athruithe suntasacha**

Sa nóta seo a leanas léirítear anailís ar na cúiseanna atá leis na hathruithe suntasacha ar an gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus Forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar sna meastacháin: €2.273 milliún, toradh: €3.196 million*

Bhí costais níos airde ná mar a measadh go príomha mar gheall ar íocaíocht €1.195 milliún mar chuid de shocrú dlíthiúil ar chás dlí fadtéarmach (Smith v Meade).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar sna meastacháin: €519,000, toradh: €296,000*

Tharla an laghdú de €223,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar chostais poist agus teileachumarsáide a bheith níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Ní mar gheall ar aon fhachtóir amháin a bhí an toradh níos ísle ná an meastachán.

**vi Costais Áitribh Oifige**

*Soláthar sna meastacháin: €664,000, toradh: €892,000*

Bhí na costais níos airde ná mar a measadh, go príomha mar gheall ar mhéadú fruilithe foirne ag an Roinn.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar sna meastacháin: €1.399 milliún, toradh: €563,000*

Bhí na costais níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar níos lú clár comhairleachta ná mar a measadh sa chlár iompair talún chomh maith le teagmhas neamhúsáidte, a coinníodh i gcás Brexit crua lena n-éileofaí gníomhaíocht phráinneach i bpríomhréimsí earnála.

## Clár A An Eitlíocht shibhialta

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | 3,589 | | 3,376 | 3,380 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,280 | | 741 | 795 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,700 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | | |
| | | | 22,700 | | 21,789 | 15,460 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | | 10,198 | | 8,936 | 8,507 |
| | | | **37,767** | | **34,842** | **28,142** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €2.925 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus athraitheas 8%.

**A.2 Riarachán - neamhphá**

*Soláthar sna meastacháin: €1.28 milliún, toradh: €741,000*

D'eascair an ganncaiteachas go príomha mar gheall ar ganncaiteachas sa leithdháileadh comhairleachta.

**A.4 Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta**

*Soláthar sna meastacháin: €10.198 milliún, toradh: €8.936 milliún*

Ar an iomlán bhí an caiteachas ar sheirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta €1.262 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh mar gheall ar theaglaim fachtóirí. Tá Éire ina ball de scéim muirir ar an mbealach *Eurocontrol*. Cosúil le mórchuid na mballstát *Eurocontrol*, díolmhaíonn Éire aicmí áirithe eitiltí ón muirear ar an mbealach a íoc. Aisíocann an Roinn na costais a thabhaigh an *IAA* as na seirbhísí aerloingseoireachta seo a sholáthar as airgead a sholáthraíonn an Státchiste, de réir Alt 45 (1) (c) d'Acht Eitlíochta na hÉireann 1993. D'eascair an ganncaiteachas in 2019 de €819,000 mar tharla níos lú eitiltí de réir aicmí díolmhaithe aerárthaí, agus mar thoradh air sin bhí riachtanas níos ísle ná mar a measadh chun an *IAA* a aisíoc. Ríomhtar ranníocaíocht na hÉireann le buiséad ginearálta *Eurocontrol*, ár síntiúis leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Eitlíochta Sibhialta (*ICAO*) agus ár síntiúis leis an gComhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (*ECAC*) ar bhonn foirmlí lena n-áirítear athróga nach bhfuil go hiomlán soiléir go dtí i rith na bliana. Cruthaíonn sé seo éagsúlachtaí beaga sna torthaí. In 2019 ba é an t-athrú idir meastachán agus toradh ná €259,000. Faoi dheireadh, bhí costas polasaí árachais eitlíochta €184,000 níos lú ná an próifíliu a rinneadh air.

## Clár B Iompar ar tír

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 13,280 | 12,152 | 11,676 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | 3,358 | 3,862 | 9,403 |
| B.3 | Feabhsú/cothabháil bhóithre | | | 1,060,052 | 1,060,280 | 930,418 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,365 | | | |
| | | *Forlíontach* | 617 | | | |
| | | | | 5,982 | 5,982 | 5,216 |
| B.5 | Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,900 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,870 | | | |
| | | | | 23,770 | 23,206 | 19,821 |
| B.6 | An taisteal níos cliste agus an laghdú astaíochtaí carbóin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | *7,000* | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | *1,965* | 8,965 | 5,641 | 697 |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 302,363 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 39 | | | |
| | | *Forlíontach* | 583 | | | |
| | | | | 302,985 | 307,985 | 295,573 |
| B.8 | An t-iompar poiblí agus inbhuanaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 480,755 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 500 | | | |
| | | | | 481,255 | 469,864 | 408,585 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,830 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | 14,830 | 16,793 | 9,599 |
| B.10 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | 78 | 60 | 58 |
| | | | | **1,914,555** | **1,905,825** | **1,691,046** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €6.53 milliún níos ísle ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 0.3% ann. Bhí an t-athraitheas mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha.

**B.4 Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre**

*Soláthar sna meastacháin: €5.365 milliún, toradh: €5.982 million*

Is deontas forlíontach €617,000 é an t-athraitheas a ceadaíodh agus a ceadaíodh don Bhiúró Leighis um Shábháilteacht ar Bhóithre (*MBRS*) in 2019 chun feistí tástála anála iniompartha (*PBT*) a cheannach.

**B.6 An taisteal níos cliste agus an laghdú astaíochtaí carbóin**

*Soláthar sna meastacháin: €8.965 milliún, toradh: €5.641 milliún*

Soláthraíonn an Scéim Deontais um Fheithicil Sheirbhísí Poiblí Leictreacha Beaga (*eSPSV*) deontais i dtreo aistriú tacsaithe, haiceanna agus limisíní ó bhreoslaí iontaise agus i dtreo feithiclí leictreacha. Toisc gur teicneolaíocht réasúnta nua í seo san earnáil iompair, agus go háirithe san earnáil SPSV, bhí an glacadh leis an scéim deontais níos moille ná mar a rabhthas ag súil leis in 2019. Tá leibhéal an deontais atá á tairiscint méadaithe in 2020, agus in éineacht leis an éagsúlacht mhéadaithe de shamhlacha agus raon méadaithe feithiclí sa mhargadh *EV*, táthar ag súil leis go mbainfidh líon níos airde de *SPSV*anna leas as an Scéim i mbliana.

Ina theannta sin, mar gheall ar an deacracht a bhí ann busanna deas-stiúrtha dhá stór a fháil a a usáideann breosla malartach, níor maoiníodh ach naoi mbus hibrideacha do chabhlach Bus Bhaile Átha Cliath faoin gCiste Iompair Phoiblí Ghlais in 2019. Táthar ag súil leis, ar aon dul le Conair Theicneolaíochta Mheántéarmach an *NTA* don Chabhlach Bus, go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na mbusanna hibrideacha sa chabhlach bus uirbeach in 2020 le sprioc de 100 bus hibrideach i mbliana.

**B.9 Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí**

*Soláthar sna mheastachán: €13.83 milliún, toradh: €16.793 milliún*

Mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontach, soláthraíodh €1 milliún breise d'fho-cheannteideal B 9.2 le húsáid ag an *NTA* le haghaidh na nithe seo a leanas:

- €100,000 le haghaidh caiteachais riaracháin ghinearálta bhreise;
- €450,000 leithdháilte ar an *NTA* do bhonneagar TFC (ceadúnú agus nuashonruithe córais);
- €450,000 le haghaidh costas cíosa a bhaineann le cóiríocht bhreise a éilítear a íoc roimh ré faoi théarmaí a gconarthaí cíosa.

Íocadh €1.963 milliún breise i mí na Nollag, chun easnamh i ndeontas riaracháin 2019 a chlúdach.

## Clár C Iompar agus sábháilteacht mhuirí

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 15,433 | 14,515 | | 12,291 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 3,492 | 3,185 | | 2,891 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | | | | | |
| | *Bunaidh* | 84,057 | | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 3,000 | | | | |
| | | | 87,057 | 78,488 | | 75,638 |
| C.4 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 86 | 90 | | 89 |
| | | | **106,068** | **96,278** | | **90,909** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €9.79 milliún níos ísle ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 9% ann. Bhí an t-athraitheas seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha.

**C.3 Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin: €87.057 milliún, toradh: €78.488 milliún*

D'eascair an gannchaiteachas ar chaipiteal go príomha mar gheall ar obair thógála nár tharla mar gheall ar mhoilleanna ar chead pleanála. Áiríodh leis seo foirgnimh nua a thógáil i gClocha Lia agus i gCathair na Mart agus athchóirithe ar fhoirgnimh Aonad an Gharda Cósta timpeall an chósta. Bhí gannchaiteachas ann freisin maidir le ceannach agus uasghrádú trealaimh a bhaineann le cuardach agus tarrtháil. Bhí an próiseas tairisceana chun báid an Gharda Cósta a athsholáthar le bheith críochnaithe in 2019 ach tugadh ar aghaidh é go 2020.

## Clár D Seirbhísí Spóirt agus Áineasa

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | | 2,153 | 2,025 | 1,844 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 528 | 444 | 434 |
| D.3 | Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 42,580 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 2,500 | | | |
| | | | 45,080 | 35,080 | 33,949 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,100 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 2,824 | | | |
| | | | 6,924 | 432 | 1,377 |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 62,201 | | | |
| | *Forlíontach* | 800 | | | |
| | | | 63,001 | 63,036 | 75,954 |
| D.6 | Cistiú do bhearta spóirt ó na cuntais díomhaoine | | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| D.7 | Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála | | 8,800 | — | — |
| | | | **131,486** | **106,017** | **118,558** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €24.669 milliún níos ísle ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 19% ann. Bhí an t-athraitheas seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha.

**D.3 Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar sna meastacháin: €45.08 miliúin toradh: €35.08 milliúin*

Le níos mó ná 3,700 deontas ar leithligh gan íoc ní féidir a thuar go cruinn an t-am cruinn a tharraingeofar na deontais ón gClár Caipitil Spóirt anuas. Is féidir le fachtóirí amhail an aimsir (oibreacha tógála agus draenála páirceanna a chur i bhfeidhm) agus maoiniú meaitseála a bheith ar fáil, dul i bhfeidhm ar luas an dul chun cinn ar thionscadail agus ar dheontais a tharraingt anuas ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, in 2019 chuir brúnna oibre eile ar an gcuid, lena n-áirítear measúnú ar 2,337 iarratas faoi bhabhta 2018 den chlár, srian ar chumas na rannóige dul sa tóir ar dheontais roimhe a tharraingt anuas. Chomh maith leis sin toisc nach ndearnadh leithdháiltí 2018 go dtí gar do dheireadh na bliana, ní fhéadfaí aon leithdháileadh ón mbabhta sin in 2018 a tharraingt anuas in 2019. Le €57 milliún i ndeontais nua a leithdháileadh in 2019 táthar ag súil leis go ndáilfear an fo-cheannteideal uile dá mbeidh ar fáil do 2020 ar chliaint sa bhliain.

**D.4 Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha**

*Soláthar sna meastacháin: €6.924 milliún, toradh: €432,000*

Bhí an méid a tarraingíodh anuas níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis in 2019 mar gheall ar dhul chun cinn mall maidir le bailchríoch a chur ar na ceanglais dhlíthiúla do linnte Leamhcáin agus Ollscoil Luimnigh. Ní dhearnadh ach íocaíocht amháin dar luach €431,720 le haghaidh iarmhéid stairiúil agus suim choinneála le Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin do Linn Snámha Bhaile Locha. Táthar ag súil leis go gcaithfear na cistí atá ar fáil de €4.7 milliún in 2020 go hiomlán chun íocaíochtaí coinneála do thionscadail chríochnaithe a mhaoiniú (€800,000 Dún Mánmhaí, Caisleán an Bharraigh, *Clara*) agus chun íocaíochtaí a mhaoiniú do thionscadail a bhfuiltear ag súil leis go dtabharfar na ceanglais dhlíthiúla chun críche ina leith in 2020 (Linn Snámha Leamhcán € 3.9 milliún agus linnte Ollscoil Luimnigh).

**D.7 Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála**

*Soláthar sna meastacháin: €8.8 milliúin, toradh : €0*

Osclaíodh an Ciste Bonneagair Spóirt ar Scála Mór d'iarratais an 19 Samhain 2018 agus ba é an dáta deiridh chun iarratais a fháil ná 17 Aibreán 2019. Tugadh deis d'iarratasóirí cáipéisíocht cheartaithe agus leasaithe a sholáthar, nuair is gá, chun tacú le hiarratais. Críochnaíodh an próiseas measúnaithe mionsonraithe go luath i mí Eanáir 2020 nuair a fógraíodh leithdháiltí sealadacha. Toisc nach ndearnadh aon leithdháiltí in 2019, níor tabhaíodh caiteachas.

## Clár E Seirbhísí Turasóireachta

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | | 1,436 | 1,688 | 1,536 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | 353 | 370 | 361 |
| E.3 | Fáilte Éireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 68,885 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | 69,885 | 56,985 | 62,616 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta - deontas le haghaidh riarachán agus speansais ghinearálta | | 16,138 | 16,138 | 15,301 |
| E.5 | Ciste Margaíochta Turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 47,583 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,000 | | | |
| | | | 53,583 | 53,583 | 41,788 |
| E.6 | Forbairt táirge turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,960 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,068 | | | |
| | | | 25,028 | 19,067 | 9,413 |
| E.7 | Glasbhealaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,300 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 600 | | | |
| | | | 13,900 | 10,399 | 3,255 |
| | | | **180,323** | **158,230** | **134,270** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000).Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €15.093 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus athraitheas 9%. Bhí an t-athraitheas go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas.

**E.3 Fáilte Éireann**

*Soláthar sna meastacháin: €68.885 milliúin, toradh: €56.985 milliúin*

Níor theastaigh ó Fáilte Éireann go dtarraingeofaí anuas foráil 2019 go hiomlán mar gheall ar iarmhéid airgid a bhí idir lámha ag tús na bliana.

**E.5 Ciste Margaíochta Turasóireachta**

*Soláthar sna meastacháin: €47.583 milliúin, toradh: €53.583 milliúin,*

Leithdháileadh maoiniú forlíontach €6 milliún breise ar Thurasóireacht Éireann in 2019 chun déileáil le deacrachtaí inár margaí foinse de bharr éiginnteachta a bhaineann leis an Bhreatimeacht. Tarraingíodh anuas an maoiniú seo go hiomlán in 2019.

**E.6 Forbairt Táirge Turasóireachta**

*Soláthar sna meastacháin: €25.028 milliúin, toradh: €19.067 milliúin,*

In 2019, bhí athrú de €5.961 milliún i gcaiteachas cláir, méid ar iarradh smachtbhanna foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe air chun an méid seo a thabhairt ar aghaidh go 2020. Tháinig an t-athrú seo chun cinn mar gheall ar dhul chun cinn níos moille ná mar a rabhthas ag súil leis i roinnt tionscadail a bhí faoi stiúir sheachtrach le tacaíocht ó Fáilte Éireann agus a bhí curtha in áirithe go dtarraingeofaí maoiniú anuas ina leith in 2019. Go sonrach, bhí moilleanna ar dhul chun cinn roinnt tionscadal faoin Scéim Deontas Mór mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar agus pleanáil, chomh maith le moilleanna i roinnt Comhpháirtíochta Straitéiseacha Fáilte Éireann. tionscadail (le Coillte agus Seirbhís Fiadhúlra na bPáirceanna Náisiúnta) de bharr an phróisis tairisceana / infhaighteacht suirbhéirí cainníochta atá cáilithe go cuí agus saincheisteanna úinéireachta talún.

**E.7 Glasbhealaí**

*Soláthar sna meastacháin: €13.9 milliúin, toradh: €10.399 milliúin*

Bronnadh maoiniú ar roinnt glasbhealaí faoin straitéis nua um Fhorbairt Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús in 2019 agus dá bhrí sin bhí moill ar tharraingt anuas an mhaoinithe ó roinnt tionscadal ar dámhadh maoiniú orthu.

# Note 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | Réadaithe | Réadaithe |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Riarachán** | | | |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 3,220 | 3,457 | 3,903 |
| | **Eitlíocht shibhialta** | | | |
| 2 | Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 7,007 | 6,748 | 6,285 |
| 3 | Aisghabháil cíosanna, srl an Údaráis Eitlíochta na hÉireann | 394 | 394 | 394 |
| 4 | Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | 2,760 | 2,455 | 2,938 |
| | **Iompar ar tír** | | | |
| 5 | Táillí ceadúnais iompair de bhóthar | 800 | 971 | 872 |
| 6 | Fáltais ilghnéitheacha iompair talún | 4,688 | 5,299 | 5,637 |
| | **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | |
| 7 | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | 450 | 557 | 580 |
| | **Seirbhísí turasóireachta** | | | |
| 8 | Fáltais phinsin Turasóireacht Éireann | 190 | 298 | 311 |
| | **Seirbhísí spóirt** | | | |
| 9 | Fáltais phinsin *Sport Ireland* | 85 | 88 | 86 |
| 10 | Cuntais dhíomhaoine | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| | **Fáltais ilghnéitheacha** | | | |
| 11 | Fáltais ilghnéitheacha | 370 | 524 | 341 |
| | **Iomlán** | **24,964** | **25,791** | **26,347** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 do asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €827,000 níos airde ná an meastachán. Seo a leanas na mínithe ar na hathraithis.

**1 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar sna meastacháin: €3.220 milliúin, réadaithe; €3.457 milliúin*

Tharla an méadú de €237,000 mar gheall ar earcaíocht mhéadaithe laistigh den Roinn a raibh asbhaintí méadaithe a bhain le pinsean mar thoradh air.

**4 Íocaíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara**

*Soláthar sna meastacháin: €2.76 milliúin, réadaithe; €2.455 milliúin*

Forchúitíonn an Roinn costais ó Údarás Eitlíochta na hÉireann as beartas árachais, tuarastail, costais taistil agus chothaithe srl. i gcás ina mbaineann siad seo le réimsí beartais mar bheartas aerloingseoireachta agus beartas sábháilteachta aeir. Cé go léiríonn an toradh €305,000 níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis na méideanna iarbhír a bhí dlite ón *IAA*, rinneadh an t-athraitheas seo a fhritháireamh i bpáirt le sábháil €184,000 i gcostais árachais ag A.4.1 i leithdháileadh an chláir.

**5 Táillí ceadúnais iompair bóthair**

*Soláthar sna meastacháin: €800,000, réadaithe; €971,000*

Bíonn tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta san earnáil agus sa gheilleagar ina iomláine ar an méid a fhaightear i dtáillí ceadúnais. Íoctar táillí ní amháin le haghaidh iarratas ar cheadúnas ach freisin as feithiclí a chur le ceadúnais tarlaithe atá ann cheana chun cabhlaigh a mhéadú. B'ionann na táillí a fuarthas in 2018 agus €872,000 i gcomparáid le meastachán de €700,000. Sa chomhthéacs sin, measadh go raibh sé oiriúnach an meastachán do 2019 a ardú go €800,000. Déanta na fírinne, sháraigh na táillí a fuarthas in 2019 an meastachán sin faoi €171,000, de réir mar a mhéadaigh gníomhaíocht.

**6 Fáltais ilghnéitheacha iompair talún**

*Soláthar sna meastacháin: €4.688 milliúin, réadaithe.€5.299 milliúin*

Tharla admhálacha méadaithe mar gheall ar fháltais *ERDF Interreg VA* a áireamh i F7.4 in 2019. Cuireann an Roinn le tionscadail (dhá cheann faoi láthair, mol ilmhódach i nDoire agus trí ghlasbhealach) faoi Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa (*ERDF*) *Interreg Clár VA*. Ina dhiaidh sin aisíocann an AE suas le 85% den chaiteachas ar na tionscadail seo, a bhfuil cuntas air anois mar leithreasaí i gcabhair faoi Chlár F7.4 *ERDF Interreg VA.*

**7 Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919**

*Soláthar sna meastacháin: €450,000, réadaithe; €557,000*

Tharla fáltais mhéadaithe mar gheall ar líon méadaithe na maraithe ag cur isteach ar dheimhniú chomh maith le gníomhaíocht leanúnach suirbhéireachta.

**8 Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann**

*Soláthar sna meastacháin: €190,000, réadaithe; €298,000*

Tháinig méadú ar fhigiúr fáltas pinsin Thurasóireacht Éireann de réir mar a leasaíodh rialacha na scéime pinsin ag méadú leibhéal na ranníocaíochtaí pinsin is iníoctha ag foireann Thurasóireacht Éireann. Oibreoidh an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun leithreasaí i gcabhair níos airde a léiriú sna blianta amach romhainn.

**11 Fáltais ilghnéitheacha**

*Soláthar sna meastacháin: €370,000, réadaithe; €524,000*

Is de bharr díolachán agus athsholáthar shócmhainní Gharda Cósta na hÉireann go príomha an méadú ar ioncam.

## 4.2 Fáltais Státchiste Bhreise

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 31 | 166 |
| Cíosanna Fhorbairt Shionainne [a] | 10 | 11 |
| Athíocaíochtaí deontais chaipitil spóirt [b] | 62 | 31 |
| Fáltas ó Bhus Éireann maidir le hiompras scoile | — | 156 |
| Fáltas AE le haghaidh *CCRP* (Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach) [c] | 1,575 | 441 |
| Ranníocaíochtaí pinsin agus seirbhís bharúlach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre [d] | 472 | 478 |
| Díbhinn ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath [e] | 40,000 | 37,400 |
| Fáltas AE as maoiniú a dhéanamh ar thaighde ar Chórais agus Sheirbhís Iompair Chliste | — | 45 |
| Fáltas AE ar sheirbhísí faisnéise taistil ilmhódach | — | 72 |
| Fáltas AE le haghaidh clár Saoráide *Connecting Europe* - Fóram Córais Iompair Chliste [f] | 60 | — |
| Fáltais an AE don chlár Saoráide *Connecting Europe*: Ardán Bóithre C-agus clár píolótach *C-ITS* in Éirinn [g] | 359 | — |
| Tionscadal *NELS* - Córas loingseoireachta muirí *Loran-C* [h] | 87 | — |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid [i] | 18 | — |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Iompar Inbhuanaithe [j] | 13 | — |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Oscailt an Mhargaidh Bus [k] | 8,000 | |
| Géilleadh pá go deonach | 24 | 31 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (50,678) | (38,800) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **33** | **31** |

Nótaí

[a] Cíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (*ÚAS*) ar son an Aire.

[b] Tugadh maoiniú deontais ar ais don Vóta mar gheall, i ndiaidh go ndearna an Roinn scrúdú a dhéanamh, bhí sé mar chonclúid gur tarraingíodh an maoiniú anuas in 2006 ar bhealach a sháraigh téarmaí agus coinníollacha an Chláir Chaipitil Spóirt.

[c] Airgead a fuarthas ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán Nuálaíochta & Líonraí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Tionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach (*CCRP*). Is gné lárnach den uasghrádú ar sheirbhísí iarnróid é an *CCRP* le go bhféadfar tuilleadh feabhais a chur ar acmhainn laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus seachadadh chlár sínte foriomlán an *DART*. Leis an obair seo cuirfear conairí breise traenach leis an tseirbhís go soláthrófar 17 dtraein ar a laghad in aghaidh na huaire in aghaidh an treo sa cheantar ríthábhachtach timpeall Lár na Cathrach.

[d] Gníomhaíonn an Roinn mar an t-idirghabhálaí maidir le híoc bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as pá fhoireann ÚSB. Déantar na híocaíochtaí seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

[e] Díbhinn faighte maidir le scairshealbhú in Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath i leith bhliain airgeadais 2017.

[f] Íocaíocht eatramhach is ea seo a fhaightear ón gCoimisiún Eorpach d'Ardán Chóras Iompair Cliste an (*ITS*) AE faoina chlár Saoráide *Connecting Europe*. Fóram is ea an t-ardán seo mar a gcomhoibreoidh comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí as beagnach gach ceann de Bhallstáit an AE le chéile chun úsáid *ITS* a chothú san Eoraip faoi láthair agus amach anseo ar bhealach comhchuibhithe

[g] Is íocaíocht réamh-mhaoinithe í seo a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach faoin gclár Saoráide *Connecting Europe*, a sholáthraíonn cómhaoiniú AE do thionscadail sna hearnálacha iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide. Is tionscadal píolótach é seo a mbeidh sé mar aidhm aige eolas a thógáil maidir le Seirbhísí *C-ITS* agus cuirfidh sé na páirtithe leasmhara rannpháirteacha uile ar an eolas faoi raon seirbhísí *C-ITS*. Úsáidfear an píolótach *C-ITS* ar chonair Chroí-Líonra na Mara Thuaidh-na Meánmhara.

[h] Is í an admháil seo an íocaíocht dheiridh faoi Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le bunú agus oibriú chóras loingseoireachta muirí sibhialta *Loran-C* in Iarthuaisceart na hEorpa agus san Atlantach Thuaidh (Comhaontú *NELS*).

[i] Airgead a fuarthas ón gCoimisiún um Rialáil Iarnróid as maoiniú a cuireadh chun cinn roimhe seo do chomhdháil na Comhairle Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Iarnróid (*IRSC*). Níor tabhaíodh na costais mheasta tosaigh.

[j] Airgead a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair (*NTA*) as maoiniú neamhúsáidte a chuir an *NTA* ar fáil i dtosach do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Rathdown maidir le tionscadal maidir le bearta iompair inbhuanaithe, a bhfuil deireadh leis ó shin.

[k] In 2018, d'iarr an *NTA* maoiniú ón Roinn ar luach €8 milliún i dtreo na gcostas caipitil oibre chun leathnú oibríochtaí d'Oscailt an Mhargaidh Bus (*BMO*) a éascú in 2019.

D'eascair an ceanglas caipitil oibre do *BMO* ón socrú conartha ollchostas le *Go Ahead* agus Bus Éireann do bhealaí *BMO* trína mbailíonn an *NTA* gach ioncam ó tháillí agus a iompraíonn an riosca ioncaim gaolmhar. Bhí an riachtanas caipitil oibre á thiomáint ag teaglaim den difríocht uainiúcháin idir na híocaíochtaí conarthacha leis na hoibreoirí ábhartha agus an tarraingt anuas ón Roinn ina dhiaidh sin agus méid freisin chun an riosca ioncaim don *NTA* den ioncam bliantúil measta ar tháillí a mhaolú i gcás go raibh ioncam tuartha níos ísle ná mar a rabhthas ag súil. Aisíocadh na cistí seo leis an Státchiste le linn 2019.

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéis lánaimsire | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | | |
| | | |
| **An Roinn** | 608 | 557 |
| **Gníomhaireachtaí:** | | |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 23 | 18 |
| Fáilte Éireann | 392 | 341 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 43 | 37 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 128 | 97 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 13 | 14 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 417 | 389 |
| Turasóireacht Éireann | 168 | 160 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 265 | 254 |
| Spórt Éireann | 46 | 40 |
| | **2,103** | **1,907** |

## 5.2 Pá – Roinn agus Gníomhaireacht

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 29,597 | 27,022 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 638 | 535 |
| Liúntais eile | 629 | 595 |
| Ragobair | 537 | 574 |
| ÁSPC Fostóra | 2,355 | 2,000 |
| **Pá iomlán** | **33,756** | **30,726** |

**Luach saothair na Gníomhaireachta**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 81,289 | 74,548 |
| Liúntas dualgas níos airde, speisialta nó breise | 243 | 203 |
| Liúntais eile | 461 | 420 |
| Ragobair | 822 | 1,096 |
| ÁSPC Fostóra | 7,460 | 6,876 |
| **Pá iomlán** | **90,275** | **83,143** |

Nóta [a] Tá an figiúr iomlán pá dáilte thar fho-cheannteidil B.3, B.9, D.5, E.2 agus E.4.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 114 | 52 | 37,515 | 21,805 |
| Liúntais eile | 79 | — | 9,382 | 35,422 |
| Ragobair | 104 | 14 | 20,899 | 21,690 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 72 | 59 | 40,823 | 44,574 |
| **Foireann na Gníomhaireachta** | | | | |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 58 | 5 | 46,764 | 37,749 |
| Liúntais eile | 119 | 2 | 15,514 | 15,559 |
| Ragobair | 251 | 12 | 19,496 | 27,867 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 80 | 26 | 24,487 | 29,745 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Ath-fostaíodh triúr státseirbhíseach ar scor a fuair pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €9,261. Cuireadh rialacha laghdaithe pinsin i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas de €408,911 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid de i Ranna / Oifigí Rialtais eile agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastal.

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí Párolla

| Amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 51 | 97,296 | 131,814 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 21 | 54,816 | 54,216 |

Aistríodh ceithre phlean aisghabhála ró-íocaíochta, maidir le dhá dhuine aonair, ar luach €4,639 chuig Ranna eile sa bhliain.

# Note 6 Ilgnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon cásanna | Costais dlí na Roinne €000 | Costais dlí a bronnadh €000 | Cúiteamh bronnta €000 | 2019 Iomlán €000 | 2018 Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Éilimh arna déanamh ag: Fostaithe | — | — | — | — | — | 116 |
| Éilimh arna déanamh ag: Daoine den phobal | 7 | 443 | 1,224 | — | 1,667 | 6,696 |
| | | **443** | **1,224** | **—** | **1,667** | **6,812** |

## 6.2 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €98.116 milliún (€109.9 milliún in 2018) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú.

Tá liosta iomlán de na híocaíochtaí le deontaithe faoi fho-mhírcheann D.3 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.dttas.ie.

## 6.3 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírcheann B.8 Iompar Poiblí agus Inbhuanaithe íocaíocht i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ón *ERDF*. Meastacháin ar chaiteachas agus ar thoradh iarbhír mar seo a leanas:

| | 2019 Meastachán €000 | 2019 Toradh €000 | 2018 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| **Cuir Síos ar Fhotheideal** | | | |
| B.8 An tIompar Poiblí agus Inbhuanaithe | 2,536 | 1,917 | 420 |

## Aguisín A Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Liostaíonn an tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus i gcás ina bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugann sé le fios, an 31 Márta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta/roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta ar a bhfuair an tAire/ an Roinn é | Dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| Bus Éireann | 2018 | 3 Aibreán 2019 | 9 Iúil 2019 | 22 Iúil 2019 |
| Bus Átha Cliath | 2018 | 3 Aibreán 2019 | 22 Iúil 2019 | 19 Iúil 2019 |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 2018 | 28 Meitheamh 2019 | 26 Iúil 2019 | 8 Deireadh Fomhair 2019 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 2018 | 4 Nollag 2019 | 28 Eanáir 2020 | 5 Feabhra 2020 |
| Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath | 2018 | 21 Márta 2019 | 22 Márta 2019 | 30 Aibreán 2019 |
| Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath | 2018 | 1 Aibreán 2019 | 4 Aibreán 2019 | 18 Iúil 2019 |
| Cuideachta Cuain na Gaillimhe | 2018 | 11 Márta 2019 | 20 Márta 2019 | 18 Iúil 2019 |
| Iarnród Éireann | 2018 | 3 Aibreán 2019 | 26 Meitheamh 2019 | 19 Iúil 2019 |
| Údarás Eitlíochta na hÉireann | 2018 | 3 Aibreán 2019 | 3 Aibreán 2019 | 16 Aibreán 2019 |
| An Bord um Thaismí Muir a Imscrúdú | 2018 | 28 Meitheamh 2019 | 19 Iúil 2019 | 15 Lúnasa 2018 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2018 | 30 Meán Fómhair 2019 | 12 Deireadh Fómhair 2019 | nár cuireadh i láthair fós |
| An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta–Fáilte Éireann | 2018 | 30 Meitheamh 2019 | 2 Iúil 2019 | 16 Deireadh Fomhair 2019 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2018 | 21 Meitheamh 2019 | 2 Iúil 2019 | 8 Lúnasa 2019 |
| Cuideachta Phort Chorcaí | 2018 | 18 Aibreán 2019 | 26 Aibreán 2019 | 18 Iúil 2019 |
| Cuideachta Cuain Phort Láirge | 2018 | 28 Márta 2019 | 8 Aibreán 2019 | 18 Iúil 2019 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2017 | 30 Iúil 2018 | 4 Nollaig 2018 | 17 Eanáir 2019 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge | 2018 | 29 Márta 2019 | 25 Aibreán 2019 | 18 Iúil 2019 |
| Grúpa na Sionainne | 2018 | 22 Márta 2019 | 27 Márta 2019 | 29 Aibreán 2019 |
| Spórt Éireann | 2018 | 21 Nollag 2018 | 9 Eanáir 2019 | 15 Márta 2019 |
| Turasóireacht Éireann | 2018 | 8 Lúnasa 2019 | 15 Lúnasa 2019 | 16 Deireadh Fomhair 2019 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 2018 | 28 Meitheamh 2019 | 3 Iúil 2019 | 11 Meán Fómhair 2019 |